2024/2909

25.11.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2909 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Samhain 2024

maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh coirí gáis a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 811/2013

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), coirí gáis atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil na coirí sin i gcomhréir le ceanglais ábhartha an bhirt cur chun feidhme infheidhme lena mbaineann na caighdeáin sin agus dá dtagraítear in Airteagal 9(2) den Treoir sin agus a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir sin, ar caighdeáin iad a chumhdaítear faoi na caighdeáin chomhchuibhithe sin nó faoi na codanna díobh.

(2) I gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 2626 ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 ón gCoimisiún ([4]) lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí agus Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 811/2013 ón gCoimisiún ([5]) i dtaca le lipéadú fuinnimh le haghaidh téitheoirí spáis, comhthéitheoirí, pacáistí téitheora spáis, feiste rialaithe teochta agus grianfheiste agus pacáistí comhthéitheora, feiste rialaithe teochta agus grianfheiste.

(3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 2626 final, d'fhoilsigh CEN caighdeáin oiriúnaithe ([6]), an caighdeán EN 15502-1:2021+A1:2023 maidir le coirí téimh gásadhainte go háirithe.

(4) An caighdeán EN 15502-1:2021+A1:2023 sin a dhréachtaigh CEN, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann sé iarraidh M/535 an 28 Aibreán 2015.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/125/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún C(2015) 2626 an 27 Aibreán 2015 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú chuig na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a mhéid a bhaineann le téitheoirí spáis, comhthéitheoirí, pacáistí téitheora spáis, feistí rialaithe teochta agus grianfheistí agus pacáistí comhthéitheora, feistí rialaithe teochta agus grianfheistí chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 agus Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 811/2013.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2013 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí. (IO L 239, 6.9.2013, lch. 136, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/813/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 811/2013 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh téitheoirí spáis, comhthéitheoirí, pacáistí téitheora spáis, feiste rialaithe teochta agus grianfheiste agus pacáistí comhthéitheora, feiste rialaithe teochta agus grianfheiste. (IO L 239, 6.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/811/oj).

([6]) Go sonrach i gcás coirí gáis, d'iarr an Coimisiún ar CEN caighdeáin EN 15502-1:2012, EN 15316-4-1:2008, EN 15036-1:2006 agus aon chaighdeán ábhartha eile a oiriúnú.

(5) Leis an measúnú sin, suíodh go gcomhlíonann an caighdeán na ceanglais is aidhm dó a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 811/2013. Dá bhrí sin, is iomchuí an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Le Teachtaireacht 2014/C 207/02 ([7]) ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 811/2013, tagraítear don chaighdeán Eorpach EN 15502-1:2012 agus do roinnt caighdeáin Eorpacha eile chun rochtain ar mhodhanna tomhais agus ríomha a thabhairt sula bhfoilsítear tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tá caighdeán EN 15502-1:2012 imithe i léig, rud a fhágann nach bhfuil an tagairt dó i dTeachtaireacht 2014/C 207/02 ábhartha a thuilleadh.

(7) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha, lena n-áirítear na cuspóirí sábháilteachta, a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin atá i gceist in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Caighdeáin chomhchuibhithe maidir le coirí gáis, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 813/2013 agus le Rialachán (AE) Uimh. 811/2013, ar sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo a liostaítear iad, déantar na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú leis seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([7]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 811/2013 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh téitheoirí spáis, comhthéitheoirí, pacáistí téitheora spáis, feiste rialaithe teochta agus grianfheiste agus pacáistí comhthéitheora rialaithe teochta agus grianfheiste (IO C 207, 3.7.2014, lch. 2).

IARSCRÍBHINN I

Uimhir	Caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 813/2013
1.	EN 15502-1:2021+A1:2023 Coirí téimh gásadhainte - Cuid 1: Ceanglais ghinearálta agus tástálacha

IARSCRÍBHINN II

Uimhir	Caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 811/2013
1.	EN 15502-1:2021+A1:2023 Coirí téimh gásadhainte - Cuid 1: Ceanglais ghinearálta agus tástálacha